Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**14941/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0231(NLE)**

**COPEN 329**
**CYBER 316**
**JAI 1594**
**COPS 563**
**RELEX 1405**
**JAIEX 126**
**TELECOM 384**
**POLMIL 342**
**CFSP/PESC 1582**
**ENFOPOL 411**
**DATAPROTECT 283**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach |

# IARSCRÍBHINN II

Dearbhú inniúlachta an Aontais Eorpaigh arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 64(3) agus (4) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach

1. I gcomhréir le hAirteagal 64(3) agus (4) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach ('an Coinbhinsiún'), tíolacann an tAontas Eorpach ('an tAontas') an dearbhú seo a leanas i leith ábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin.

2. Is iad Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne Ballstáit an Aontais.

3. De bhun Airteagail 3 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le roinnt ábhar agus comhroinntear an inniúlacht idir an tAontas agus a Bhallstáit maidir le hábhair eile. De bhun Airteagal 4(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.

4. I ndáil leis sin, dearbhaíonn an tAontas, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé inniúil ar chomhaontuithe idirnáisiúnta a dhéanamh, agus ar na hoibleagáidí a eascraíonn astu a chur chun feidhme, ar oibleagáidí iad a bhaineann leis an réimse saoirse, slándála agus ceartais, inniúlacht atá comhroinnte leis na Ballstáit, de bhun Airteagal 4, pointe (j), CFAE. Baineann sé sin leis na réimsí seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 67(3), Airteagal 82(1) agus (2) agus Airteagail 83(1) agus 87(2) CFAE:

(a) ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac agus trí bhearta um chomhordú agus um chomhar idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, chomh maith le trí bhreithiúnais a aithint go frithpháirteach in ábhair choiriúla, agus, más gá, trí na dlíthe coiriúla a chomhfhogasú;

(b) comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, lena n-áirítear dlíthe agus rialacháin na mBallstát a chomhfhogasú i réimsí sonracha den dlí coiriúil nós imeachta agus substainteach, lena n-áirítear bearta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú le hoiliúint na breithiúnachta agus na foirne breithiúnaí;

(ii) comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla agus le breitheanna a fhorfheidhmiú;

(c) comhar póilíneachta agus breithiúnach a éascú in ábhair choiriúla a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo trí rialacha íosta a shuí maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cearta daoine aonair sa nós imeachta coiriúil;

(ii) cearta íospartaigh na coireachta;

(d) rialacha íosta a shuí maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Is iad seo a leanas na réimsí coireachta: an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhaoine agus an teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí, an gháinneáil neamhdhleathach ar dhrugaí, an gháinneáil aindleathach ar airm, sciúradh airgid, an éillitheacht, góchumadh modhanna íocaíochta, coireacht ríomhairí agus an choireacht eagraithe;

(e) comhar póilíneachta a bhunú a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát leis, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú; chun na gcríoch sin, féadfaidh an tAontas bearta a shuí maidir leis an méid seo a leanas:

(i) faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú;

(ii) tacaíocht d’oiliúint foirne, agus comhar i leith malartú foirne, i leith trealaimh agus i leith an taighde ar bhrath na coireachta;

(iii) teicnící comhchoiteanna imscrúdaithe i ndáil le saghsanna tromchúiseacha coireachta eagraithe a bhrath.

5. Ar an dara dul síos, dearbhaíonn an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 16(2) CFAE, go bhfuil an tAontas inniúil chun na rialacha a leagan síos a bhaineann le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, agus na rialacha a bhaineann le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

6. Go háirithe, níor cheart a thuiscint as an Dearbhú seo gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir leis na réimsí a chumhdaítear faoin gCoinbhinsiún a thagann faoin inniúlacht chomhroinnte sa mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach fós. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Coinbhinsiún difear do rialacha comhchoiteanna nó nach n-athraíonn sé a raon feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt a dhéanfar orthu san am atá le teacht. Dá réir sin, ní mór raon inniúlachta an Aontais a mheasúnú ar bhonn anailís chuimsitheach mhionsonraithe ar an ngaol atá ann idir an Coinbhinsiún agus forálacha beachta gach birt de dhlí an Aontais, de réir an cháis. Tá raon feidhme agus fheidhmiú inniúlachtaí an Aontais, de réir a gcineáil, faoi réir forbairt leanúnach.

7. Dá bhrí sin, tá an tAontas agus a Bhallstáit inniúil ar an gCoinbhinsiún a thabhairt i gcrích. Maidir leis an gCoinbhinsiúin a bheith á thabhairt i gcrích ag an Aontas, ní dochar é sin d'inniúlacht na mBallstát a mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas, nó aontú dó.

8. De bhun Airteagal 64(3) agus (4) den Choinbhinsiún, tá an tAontas leis an taisceánach a chur ar an eolas faoi aon mhodhnú ábhartha ar raon a inniúlachta.